**An chuid oibríochtúil**

1. Maidir le hAirteagail 167 agus 168 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, arna leasú le Treoir 2010/45/AE an 13 Iúil 2010, arna léamh i bhfianaise phrionsabal an toirmisc ar chalaois,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   féadfar diúltú don dara ceannaitheoir earraí an tairbhe a bhaineann le cáin bhreisluacha ionchuir (CBL) a asbhaint, ar an bhforas go raibh a fhios aige nó aici nó gur cheart go mbeadh a fhios aige nó aici gurb ann do chalaois CBL arna déanamh ag an díoltóir bunaidh ag tráth an chéad díola, fiú má bhí an chéad cheannaitheoir ar an eolas faoin gcalaois sin.

2. Maidir le hAirteagail 167 agus 168 de Threoir 2006/112/CE arna leasú le Treoir 2010/45/AE, arna léamh i bhfianaise phrionsabal an toirmisc ar chalaois,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní mór don dara ceannaitheoir earraí a bhí, ag céim roimh an gceannach sin, faoi réir idirbheart calaoiseach a ghabhann le cuid amháin den cháin bhreisluacha (CBL) a bhfuil an Ballstát i dteideal a bhailiú, an ceart a bheith aige nó aici an CBL ar ionchur a diúltaíodh ina iomláine a asbhaint i gcás ina raibh a fhios ag an dara ceannaitheoir sin nó gur cheart go mbeadh a fhios aige nó aici go raibh baint ag an gceannach sin le calaois.

(1) IO C 513, 20.12.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Samhain 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Raad van State – an Bheilg) – VZW Belgisch-Luxemburgse vereniging van de industrie van plantenbescherming (Belplant), VZW Belgische Vereniging van de Industrie van Plantenbeschermingsmiddelen (PHYTOFAR) roimhe seo v Vlaams Gewest**

**(Cás C-658/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise – Treoir (AE) 2015/1535 – An coincheap "rialachán teicniúil" – Airteagal 1(1) – Reachtaíocht náisiúnta lena dtoirmeasctar daoine aonair lotnaidicídí ina bhfuil gliofosáit a úsáid ar thalamh a úsáidtear go príobháideach – Airteagal 5(1) – Oibleagáid ar Bhallstáit aon dréachtrialachán teicniúil a chur in iúl don Choimisiún Eorpach)***

(2023/C 24/16)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Raad van State

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* VZW Belgisch-Luxemburgse vereniging van de industrie van plantenbescherming (Belplant), VZW Belgische Vereniging van de Industrie van Plantenbeschermingsmiddelen (PHYTOFAR) roimhe seo.

*Cosantóir:* Vlaams Gewest

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 1(1) de Threoir 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise, arna léamh i gcomhréir le hAirteagal 5 díobh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

d'fhéadfadh reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear cosc ar dhaoine nach bhfuil údarú náisiúnta acu atá beartaithe do ghairmithe lotnaidicídí ina bhfuil gliofosáit a úsáid ar thalamh a úsáidtear go príobháideach a bheith ina "rialachán teicniúil" de réir bhrí Airteagal 1(1)(d) agus (f) den Treoir sin, nach mór a chur in iúl don Choimisiún Eorpach faoi réir Airteagal 5 den Treoir sin, a mhéid a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag cur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta sin ar mhargaíocht na dtáirgí lena mbaineann, a bhfuil faoin gcúirt a rinne an tarchur a fhíorú.

([1]) IO C 73, 14.2.2022..

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 24 Samhain 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation – an Fhrainc) – Cafpi SA, Aviva assurances SA v Enedis SA**

**(Cás C-691/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 85/374/CEE – Airteagal 3 – Dliteanas i leith táirgí lochtacha – An coincheap "léiritheoir" – Oibreoir córais dáileacháin leictreachais a athraíonn an leibhéal voltais leictreachais lena dháileadh)***

(2023/C 24/17)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour de cassation

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Cafpi SA, Aviva assurances SA

*Cosantóir:* Enedis SA

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 3(1) de Threoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha arna leasú le Treoir 1999/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 1999,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní mór oibreoir córais dáileacháin leictreachais a mheas mar "tháirgeoir", de réir bhrí na forála sin, nuair a athraíonn sé leibhéal voltais an leictreachais lena dháileadh ar an gcustaiméir deiridh.

([1]) IO C 64, 7.2.2022.